302848

**From:** Bríd Ní Ghamhnáin [redacted]
**Sent:** Friday 21 December 2018 11:55
**To:** Kieran Somers [redacted]
**Subject:** Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR)

A chara,

Faoi iamh tá aighneacht ó Údarás ar Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR).
*Please find enclosed a submission from Údarás na Gaeltachta on the Galway City Ring Road (GCRR).*

Le meas
Bríd

Bríd Ní Ghamhnáin
Feidhmeannach Seirbhísí Corparáideacha
*Corporate Services Executive*

☎ [redacted]
✉ [redacted]
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22

---

Scanned by **MailMarshal** - Marshal8e6's comprehensive email content security solution. Download a free evaluation of MailMarshal at www.marshal.com

---

Fógra faoi Rúndacht agus Síniú Leictreonach: Tá an ríomhphost seo agus aon iatán a ghabhann leis rúnda agus tharlódh go mbeadh ábhar íogarach tráchtála san áireamh ann. Is leis an duine / nó daoine sin amháin a bhfuil siad seolta chucu a bhaineann siad agus ní ceart iad a léamh ná a scaoileadh chuig aon tríú páirtí gan cead roimh ré ó Údarás na Gaeltachta. Tabhair faoi deara freisin nach nglacann Údarás na Gaeltachta le sínithe leictreonacha d'aon chineál chun conradh a dhéanamh. Caithfidh gach uile shíniú a bheith i bhfoirm fhisiciúil. Deimhníonn an fo-nóta seo chomh maith gur seiceáiladh an teachtaireacht ríomhphoist seo ar fhaitíos víris.
Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín ag http://www.udaras.ie

Coinnigh cluas linn ag :

Notice re Confidentiality and electronic signatures: This e-mail and any attachment transmitted with it are confidential and may contain commercially sensitive information.

They are intended solely for the use of the intended recipient and should not be read or released to any third party without the prior consent of Údarás na Gaeltachta.
Please note that Údarás na Gaeltachta does not accept electronic signatures in any format for the formation of any contracts. All signatures must be in physical format.
This footnote also confirms that this e-mail has been swept for the presence of computer viruses.
Please visit our website at http://www.udaras.ie

Follow us on:

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22
+353 (0) 91 503100 +353 (0) 91 503101
eolas@udaras.ie www.udaras.ie

21 Nollaig 2018

R-phost: [redacted]

An Cathaoirleach
An Bord Pleanála
Rannóg Pleanála
64 Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

AN BORD PLEANÁLA
TIME ____ BY ____
21 DEC 2018
LTR DATED ____ FROM ____
PL ____

**Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR)**

A Chathaoirligh,

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, tacaíonn an tÚdarás le scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha áitiúla, ar scileanna agus ar chumais fhiontraíochta, trí infheistíocht shoghluaiste a mhealladh chun na Gaeltachta agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorbartha pobail.

Tá dualgas ar an Údarás polasaithe reatha agus nua-fhorbartha an Rialtais a chur i bhfeidhm agus cuideoidh sé linn ár gcláir agus ár scéimeanna atá iomaíoch, freagrach, éifeachtach agus oiriúnach a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta agus dár gcliaint. Tugann an Clár Rialtais léargas ar pholasaithe an Rialtais i dtaca le réimse leathan ábhar atá sonrach d'obair an Údaráis, ar a n-áirítear cúrsaí fostaíochta agus an Ghaeilge. I measc na straitéisí sin tá Ráiteas Straitéise na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (PGT) agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta do Phoist (RAPJ & APJ); maidir le pleanáil tá Éire 2040-Ár bPlean, agus i gcomhthéacs acmhainní nádúrtha agus beatha tá Saibhreas ár Aigéan agus Food Wise 2025. Beidh tábhacht le polasaithe éagsúla oiliúna agus oideachais, m.sh. Action Plan to Expand Apprenticeship and Traineeship in

Ireland 2016–2020 agus na polasaithe oideachais a bheidh á gcur i bhfeidhm sa chóras scoile chun tacú le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) go príomha.

Cuidíonn an tÚdarás freisin le réimse leathan de thionscnaimh theanga, chultúrtha agus oideachais atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngach earnáil de shaol an phobail. Díríonn sé freisin ar réimsí áirithe tionscal, go sainiúil iad siúd a tháirgeann táirgí agus seirbhísí sofaisticiúla le breisluach ard. Táirgeann siad seo an cumas is fearr fáis agus na hionchais is fearr chun fostaíocht fadtéarmach inbhuanaithe a chruthú sa nGaeltacht.

Is cuid thábhachtach de réigiún ginearálta an Iarthair é an ceantar Gaeltachta laistiar de Chathair na Gaillimhe. Tá tionchar an-mhór ag caighdeán an bhonneagair, bóithre ach go háirithe, ar fheidhmiú na bunsraithe gnó agus tráchtála atá ann cheana agus ar tharraingteacht an cheantair ó thaobh infheistíochta nua de.

Tá impleachtaí an-mhór ag seirbhísí iompair, idir phoiblí agus phríobháideacha, agus cumas na mbóithre le déileáil le leibhéal ard tráchta ar bhonn leanúnach ar chaighdeán saoil an phobail agus ar chumas feidhmiúchán gnóthaí araon. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtógfar Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar go dtabharfaidh sé inrochtaineacht na gceantar Gaeltachta chuig an gcuid eile den chontae agus den tír mar aon le ceantar Ghaeltachta na Gaillimhe a bheith ina háit níos tarraingtí le cónaí, maireachtáil agus oibriú inti.

Clúdaíonn Gaeltacht na Gaillimhe codanna fairsinge de Chontae na Gaillimhe, in iarthar an Chontae don chuid is mó, agus is é an ceantar Gaeltachta is mó agus is mó daonra sa tír le achar geografach 1,225 $km^2$. Is ionann seo agus 26% de thalamh uile na Gaeltachta. Tá daonra de 50,570 (Daonáireamh 2016) i nGaeltacht na Gaillimhe agus is ionann seo agus 51% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Bhí os cionn 3,000 fostaithe (2,933 post lánaimseartha agus 177 post páirtaimseartha) i 397 gcliantchomhlacht de chuid an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2017.

Is iad an Spidéal agus an Cheathrú Rua na limistéir lonnaíochta is mó. Tá an Cheathrú Rua lonnaithe 48 km siar ó chathair na Gaillimhe agus an Spidéal 19 km. Tá an earnáil

bhithleighis ach go háirithe an-láidir le roinnt de na comhlachtaí bithleighis is mó sa tír lonnaithe inti. San áireamh i ngníomhaíochta geilleagracha Ghaeltacht na Gaillimhe freisin tá teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, ceimiceáin agus cógaisíocht/bithchógaisíocht, gníomhaíochtaí closamhairc agus teileachumarsáide, leictreonaic, bogearraí, acmhainní nádúrtha mara bhunaithe, teicstílí, feistí leighis, seirbhísí trádála idirnáisiúnta, ina n-áirítear seirbhísí airgeadais agus ionaid seirbhísí comhroinnte. San áireamh tá leithéidí Mylan Teo., Cambus Medical Teo, Proxy Biodmedical Ltd, HID Global Teoranta, Aran Biomedical, ECC Teo, Sidheán Teo, Micron Clean (Ireland) Ltd, Telegael Teo, ÉireComposites Teo, Inneall Dóiteáin Teo, Oileán Mara Teo agus Bradán Beo Teo, 7rl.

Tá sé riachtanach mar sin gur féidir le cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis earraí a bhogadh go héifeachtúil go hinmheánach agus chuig agus as margaí seachtracha. Tá sé rí-thábhachtach freisin do thionscail na mara (éisc agus sliogéisc) go mbeadh rochtain chomh sciobtha agus is féidir acu ar chalafoirt idirnáisiunta agus aerfoirt chun earraí somheata a easpórtáil rud nach bhfuil ag tarlú faoi láthair de bharr moill ar chúrsaí tráchta mórthimpeall chathar na Gaillimhe. Úsáideann na fostaithe sna cliantchomhlachtaí seo bóithre chathair na Gaillimhe freisin (ag dul tríd agus timpeall uirthi). Mar sin tá sé fíorthábhachtach go mbeadh rochtain ag fiontraithe, lucht oibre agus ag an bpobal go ginearálta ar bhealach iontaofa agus éifeachtúil.

Tá forbairt tograí fuinnimh inathnuaite, acmhainní nádúrtha agus fiontair atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i straitéis na heagraíochta. Tá forbairt Pháirc na Mara, páirc nuálaíochta mara tosnaithe i gCill Chiaráin i gConamara thart ar 70 km siar ó Chathair na Gaillimhe agus táimid ag tabhairt aghaidh go fonnmhar ar an togra straitéiseach mara seo, áit a mbeidh gníomhaíocht taighde agus tráchtála araon ann. Samhlaítear go mbeidh forbairt Pháirc na Mara ina chumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ní hamháin i gCill Chiaráin agus i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta freisin.

Tá aonad nuálaíochta agus digiteach le ceangal leathanbhanda ardluais a fhorbairt fud fad na Gaeltachta agus tá 4 cinn acu seo lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe: Na Forbacha, An Spidéal, An Cheathrú Rua agus Carna. Deis den scoth a bheidh san éiceachóras digiteach seo

do chomhlachtaí nua teicneolaíochta tosú amach nó lonnú sna ceantair tuaithe a chuimsíonn na Gaeltachtaí.

Tá cúrsaí turasóireachta lárnach inár bhfís do na trí bliana seo romhainn agus táthar ag súil an buntáiste is fearr gur féidir a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin do phobail Ghaeltachta na tíre. Tugann thart ar 200,000 duine cuairt ar Oileáin Árann agus ar Chonamara Thuaidh agus Theas go bliantúil. Tá cuarbhóthar timpeall chathair na Gaillimhe riachtanach ionas go mbeidh rochtain éasca ag turasaóirí ar na ceantair seo agus meallfaidh sé breis daoine go iarthar an chontae. Tá Cósta Gaelach Chonamara agus Árann leis an earnáil turasóireachta a neartú i nGaeltacht Chonamara agus díreoidh sé ar thurasóirí a mhealladh chun blaiseadh d'acmhainní nádúrtha na Gaeltachta, idir theanga, chultúr, oidhreacht agus timpeallacht.

Is seoid luachmhar é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc a dhéanann ceiliúradh ar an nGaeilge, ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta, ar oidhreacht an cheantair agus ar áilleacht thírdhreach Chonamara. Tá an tIonad mar cheann scríbe tarraingteach le turasóirí a mhealladh chuig ceantar Ros Muc agus chuig Gaeltacht Chonamara ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Táthar ag súil go mbeidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna a hosclaíodh go hoifigiúil i rith na bliana ina thacaíocht luachmhar freisin chun turasóirí a tharraingt go ceantar Iorras Aintheach.

Tá dhá bhunphrionsabal i straitéis an Údaráis don tréimhse trí bliana 2018 – 2020: Caomhnú agus neartú na Gaeilge agus forbairt Nuálaíochta agus cruthú Fostaíochta. Is iad na prionsabail seo croílár straitéis na heagraíochta. Déanfaimid gach iarracht na cúinsí cuí a chruthú, ionas go mbeidh an Ghaeltacht mar áit ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail ann agus áit a mheallfaidh an gnáthphobal, fiontraithe agus cuairteoirí araon chun cónaí, maireachtáil agus oibriú ann.

Is gné thábhactach é forbairt an cuarbhóthar ar imeall chathair na Gaillimhe do fhorbairt infreastructúra na cathrach agus na contae. Tá impleachtaí móra ann le faoiseamh a thabhairt don bhrú tráchta agus do fhorbairt leanúnach eacnamaíochta Ghaeltachta Chonamara agus ar Ghaeltachtaí ar imeall na cathrach. Bíonn tionchar an-mhór ag seirbhísí iompair, idir phoiblí agus phríobháideacha, agus cumas na mbóithre le déileáil le leibhéal

ard tráchta ar bhonn leanúnach, ar chaighdeán saoil an phobail agus ar chumas feidhmiúchán gnóthaí araon.

Le dúnadh Aerphort na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2011, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go mbeadh cuarbhóthar ann chun inrochtaineacht chuig Gaeltacht na Gaillimhe a shásamh. Níl ann ach príomh-dhroichead amháin, Droichead na gCúig Chéad (Quincentennial Bridge), le freastal ar an gceantar sin taobh thiar de Loch Coirib le rochtain soir-siar a éascú. Faoi láthair tá an droichead sin imithe thar a chumas iompair agus níl sé in ann freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais tráchta tráchtála na cathrach féin gan trácht ar a bheith ag feidhmiú mar áis rochtana tráchta do Ghaillimh Thiar.

Chomh fada agus a bhaineann le straitéis Údarás na Gaeltachta tá caighdeán an bhonneagair agus na seirbhísí iompair i measc na riachtanas is criticiúla maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus a ghiniúint sna limistéir Ghaeltachta. Beidh an Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe mar ghné bhunúsach in infheistíocht i mbonneagar eacnamaíoch an cheantair chun iomaíochas a chur chun cinn agus fás agus fostaíocht eacnamaíoch a chruthú. Tá bonneagar iompair d'ardchaighdeán riachtanach chun iomaíochas agus forbairt inmharthana a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Tá sé riachtanach gur féidir le fiontair agus le cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis earraí a bhogadh go héifeachtúil go hinmheánach agus chuig agus as margaí seachtracha.

I dtuairim an Údarás is constaic mhór é sa chontae nach bhfuil bealach rochtana ar ardchaighdeán ar fáil mar chuid dílis den líonra seirbhísí iompair sa cheantar. Tacaímid go mór leis an éileamh atá ann go dtógfaí an Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar creidimid go mbeadh tionchar tairbheach aige, ní hamháin ar sheirbhísí iompair na Gaillimhe, ach ar tharraingteacht iarthar an chontae trí chéile mar láthair ghnó, infheistíochta, turasóireachta mar aon le háit chónaithe agus maireachtála.

Is mise le meas,

______________________________

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22
+353 (0) 91 503100 +353 (0) 91 503101
eolas@udaras.ie www.udaras.ie

21 Nollaig 2018

R-phost: [redacted]

An Cathaoirleach
An Bord Pleanála
Rannóg Pleanála
64 Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

AN BORD PLEANÁLA
LDG-
ABP-
24 DEC 2018
Fee: € Type:
Time: By:

**Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR)**

A Chathaoirligh,

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, tacaíonn an tÚdarás le scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha áitiúla, ar scileanna agus ar chumais fhiontraíochta, trí infheistíocht shoghluaiste a mhealladh chun na Gaeltachta agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorbartha pobail.

Tá dualgas ar an Údarás polasaithe reatha agus nua-fhorbartha an Rialtais a chur i bhfeidhm agus cuideoidh sé linn ár gcláir agus ár scéimeanna atá iomaíoch, freagrach, éifeachtach agus oiriúnach a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta agus dár gcliaint. Tugann an Clár Rialtais léargas ar pholasaithe an Rialtais i dtaca le réimse leathan ábhar atá sonrach d'obair an Údaráis, ar a n-áirítear cúrsaí fostaíochta agus an Ghaeilge. I measc na straitéisí sin tá Ráiteas Straitéise na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (PGT) agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta do Phoist (RAPJ & APJ); maidir le pleanáil tá Éire 2040-Ár bPlean, agus i gcomhthéacs acmhainní nádúrtha agus beatha tá Saibhreas ár Aigéan agus Food Wise 2025. Beidh tábhacht le polasaithe éagsúla oiliúna agus oideachais, m.sh. Action Plan to Expand Apprenticeship and Traineeship in

Ireland 2016–2020 agus na polasaithe oideachais a bheidh á gcur i bhfeidhm sa chóras scoile chun tacú le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030) go príomha.

Cuidíonn an tÚdarás freisin le réimse leathan de thionscnaimh theanga, chultúrtha agus oideachais atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngach earnáil de shaol an phobail. Díríonn sé freisin ar réimsí áirithe tionscal, go sainiúil iad siúd a tháirgeann táirgí agus seirbhísí sofaisticiúla le breisluach ard. Táirgeann siad seo an cumas is fearr fáis agus na hionchais is fearr chun fostaíocht fadtéarmach inbhuanaithe a chruthú sa nGaeltacht.

Is cuid thábhachtach de réigiún ginearálta an Iarthair é an ceantar Gaeltachta laistiar de Chathair na Gaillimhe. Tá tionchar an-mhór ag caighdeán an bhonneagair, bóithre ach go háirithe, ar fheidhmiú na bunsraithe gnó agus tráchtála atá ann cheana agus ar tharraingteacht an cheantair ó thaobh infheistíochta nua de.

Tá impleachtaí an-mhór ag seirbhísí iompair, idir phoiblí agus phríobháideacha, agus cumas na mbóithre le déileáil le leibhéal ard tráchta ar bhonn leanúnach ar chaighdeán saoil an phobail agus ar chumas feidhmiúchán gnóthaí araon. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtógfar Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar go dtabharfaidh sé inrochtaineacht na gceantar Gaeltachta chuig an gcuid eile den chontae agus den tír mar aon le ceantar Ghaeltachta na Gaillimhe a bheith ina háit níos tarraingtí le cónaí, maireachtáil agus oibriú inti.

Clúdaíonn Gaeltacht na Gaillimhe codanna fairsinge de Chontae na Gaillimhe, in iarthar an Chontae don chuid is mó, agus is é an ceantar Gaeltachta is mó agus is mó daonra sa tír le achar geografach 1,225 $km^2$. Is ionann seo agus 26% de thalamh uile na Gaeltachta. Tá daonra de 50,570 (Daonáireamh 2016) i nGaeltacht na Gaillimhe agus is ionann seo agus 51% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Bhí os cionn 3,000 fostaithe (2,933 post lánaimseartha agus 177 post páirtaimseartha) i 397 gcliantchomhlacht de chuid an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2017.

Is iad an Spidéal agus an Cheathrú Rua na limistéir lonnaíochta is mó. Tá an Cheathrú Rua lonnaithe 48 km siar ó chathair na Gaillimhe agus an Spidéal 19 km. Tá an earnáil

bhithleighis ach go háirithe an-láidir le roinnt de na comhlachtaí bithleighis is mó sa tír lonnaithe inti. San áireamh i ngníomhaíochta geilleagracha Ghaeltacht na Gaillimhe freisin tá teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, ceimiceáin agus cógaisíocht/bithchógaisíocht, gníomhaíochtaí closamhairc agus teileachumarsáide, leictreonaic, bogearraí, acmhainní nádúrtha mara bhunaithe, teicstílí, feistí leighis, seirbhísí trádála idirnáisiúnta, ina n-áirítear seirbhísí airgeadais agus ionaid seirbhísí comhroinnte. San áireamh tá leithéidí Mylan Teo., Cambus Medical Teo, Proxy Biodmedical Ltd, HID Global Teoranta, Aran Biomedical, ECC Teo, Sidheán Teo, Micron Clean (Ireland) Ltd, Telegael Teo, ÉireComposites Teo, Inneall Dóiteáin Teo, Oileán Mara Teo agus Bradán Beo Teo, 7rl.

Tá sé riachtanach mar sin gur féidir le cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis earraí a bhogadh go héifeachtúil go hinmheánach agus chuig agus as margaí seachtracha. Tá sé rí-thábhachtach freisin do thionscail na mara (éisc agus sliogéisc) go mbeadh rochtain chomh sciobtha agus is féidir acu ar chalafoirt idirnáisiunta agus aerfoirt chun earraí somheata a easpórtáil rud nach bhfuil ag tarlú faoi láthair de bharr moill ar chúrsaí tráchta mórthimpeall chathar na Gaillimhe. Úsáideann na fostaithe sna cliantchomhlachtaí seo bóithre chathair na Gaillimhe freisin (ag dul tríd agus timpeall uirthi). Mar sin tá sé fíorthábhachtach go mbeadh rochtain ag fiontraithe, lucht oibre agus ag an bpobal go ginearálta ar bhealach iontaofa agus éifeachtúil.

Tá forbairt tograí fuinnimh inathnuaite, acmhainní nádúrtha agus fiontair atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i straitéis na heagraíochta. Tá forbairt Pháirc na Mara, páirc nuálaíochta mara tosnaithe i gCill Chiaráin i gConamara thart ar 70 km siar ó Chathair na Gaillimhe agus táimid ag tabhairt aghaidh go fonnmhar ar an togra straitéiseach mara seo, áit a mbeidh gníomhaíocht taighde agus tráchtála araon ann. Samhlaítear go mbeidh forbairt Pháirc na Mara ina chumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ní hamháin i gCill Chiaráin agus i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta freisin.

Tá aonad nuálaíochta agus digiteach le ceangal leathanbhanda ardluais a fhorbairt fud fad na Gaeltachta agus tá 4 cinn acu seo lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe: Na Forbacha, An Spidéal, An Cheathrú Rua agus Carna. Deis den scoth a bheidh san éiceachóras digiteach seo

do chomhlachtaí nua teicneolaíochta tosú amach nó lonnú sna ceantair tuaithe a chuimsíonn na Gaeltachtaí.

Tá cúrsaí turasóireachta lárnach inár bhfís do na trí bliana seo romhainn agus táthar ag súil an buntáiste is fearr gur féidir a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin do phobail Ghaeltachta na tíre. Tugann thart ar 200,000 duine cuairt ar Oileáin Árann agus ar Chonamara Thuaidh agus Theas go bliantúil. Tá cuarbhóthar timpeall chathair na Gaillimhe riachtanach ionas go mbeidh rochtain éasca ag turasaóirí ar na ceantair seo agus meallfaidh sé breis daoine go iarthar an chontae. Tá Cósta Gaelach Chonamara agus Árann leis an earnáil turasóireachta a neartú i nGaeltacht Chonamara agus díreoidh sé ar thurasóirí a mhealladh chun blaiseadh d'acmhainní nádúrtha na Gaeltachta, idir theanga, chultúr, oidhreacht agus timpeallacht.

Is seoid luachmhar é Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc a dhéanann ceiliúradh ar an nGaeilge, ar shaibhreas cultúrtha na Gaeltachta, ar oidhreacht an cheantair agus ar áilleacht thírdhreach Chonamara. Tá an tIonad mar cheann scríbe tarraingteach le turasóirí a mhealladh chuig ceantar Ros Muc agus chuig Gaeltacht Chonamara ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Táthar ag súil go mbeidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna a hosclaíodh go hoifigiúil i rith na bliana ina thacaíocht luachmhar freisin chun turasóirí a tharraingt go ceantar Iorras Aintheach.

Tá dhá bhunphrionsabal i straitéis an Údaráis don tréimhse trí bliana 2018 – 2020: Caomhnú agus neartú na Gaeilge agus forbairt Nuálaíochta agus cruthú Fostaíochta. Is iad na prionsabail seo croílár straitéis na heagraíochta. Déanfaimid gach iarracht na cúinsí cuí a chruthú, ionas go mbeidh an Ghaeltacht mar áit ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail ann agus áit a mheallfaidh an gnáthphobal, fiontraithe agus cuairteoirí araon chun cónaí, maireachtáil agus oibriú ann.

Is gné thábhachtach é forbairt an cuarbhóthar ar imeall chathair na Gaillimhe do fhorbairt infreastructúra na cathrach agus na contae. Tá impleachtaí móra ann le faoiseamh a thabhairt don bhrú tráchta agus do fhorbairt leanúnach eacnamaíochta Ghaeltachta Chonamara agus ar Ghaeltachtaí ar imeall na cathrach. Bíonn tionchar an-mhór ag seirbhísí iompair, idir phoiblí agus phríobháideacha, agus cumas na mbóithre le déileáil le leibhéal

ard tráchta ar bhonn leanúnach, ar chaighdeán saoil an phobail agus ar chumas feidhmiúchán gnóthaí araon.

Le dúnadh Aerphort na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2011, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go mbeadh cuarbhóthar ann chun inrochtaineacht chuig Gaeltacht na Gaillimhe a shásamh. Níl ann ach príomh-dhroichead amháin, Droichead na gCúig Chéad (Quincentennial Bridge), le freastal ar an gceantar sin taobh thiar de Loch Coirib le rochtain soir-siar a éascú. Faoi láthair tá an droichead sin imithe thar a chumas iompair agus níl sé in ann freastal sásúil a dhéanamh ar riachtanais tráchta tráchtála na cathrach féin gan trácht ar a bheith ag feidhmiú mar áis rochtana tráchta do Ghaillimh Thiar.

Chomh fada agus a bhaineann le straitéis Údarás na Gaeltachta tá caighdeán an bhonneagair agus na seirbhísí iompair i measc na riachtanas is criticiúla maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus a ghiniúint sna limistéir Ghaeltachta. Beidh an Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe mar ghné bhunúsach in infheistíocht i mbonneagar eacnamaíoch an cheantair chun iomaíochas a chur chun cinn agus fás agus fostaíocht eacnamaíoch a chruthú. Tá bonneagar iompair d'ardchaighdeán riachtanach chun iomaíochas agus forbairt inmharthana a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Tá sé riachtanach gur féidir le fiontair agus le cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis earraí a bhogadh go héifeachtúil go hinmheánach agus chuig agus as margaí seachtracha.

I dtuairim an Údarás is constaic mhór é sa chontae nach bhfuil bealach rochtana ar ardchaighdeán ar fáil mar chuid dílis den líonra seirbhísí iompair sa cheantar. Tacaímid go mór leis an éileamh atá ann go dtógfaí an Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar creidimid go mbeadh tionchar tairbheach aige, ní hamháin ar sheirbhísí iompair na Gaillimhe, ach ar tharraingteacht iarthar an chontae trí chéile mar láthair ghnó, infheistíochta, turasóireachta mar aon le háit chónaithe agus maireachtála.

Is mise le meas,

______________________________

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha